

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge
TUAIRISC**

**Corran College
Baile an Mhóta, Contae Shligigh
Uimhir Rolla:72300R**

Dáta na cigireachta: 7 Márta 2014



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SA GHAELGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	7 Márta 2014
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith dhá thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí na teicnící teagaisc agus foghlama ar cháilíocht a bhí go maith.
- Tá soláthar maith á dhéanamh do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa scoil.
- Tugtar aitheantas do na scileanna teanga go léir sa mheasúnú múnlaiteach agus suimitheach a dhéantar ar an nGaeilge.
- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag an roinn i bpróiseas na pleanála don ábhar; sna pleananna curaclaim do na bliainghrúpaí sóisearacha go háirithe.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- B'fhiú go mór do roinn na Gaeilge níos mó plé a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus b'fhiú díriú i dtús báire ar na réimsí forbartha a bhaineann le struchtúr an cheachta agus scileanna ceistiúcháin an mhúinteora go háirithe.
- B'fhiú níos mó uirlisí measúnaithe ar an bhfoghlaim, agus chun foghlama, a bheith in úsáid ag an roinn. Moltar aitheantas a thabhairt do na scileanna teanga go léir san obair bhaile mar chuid den obair seo.
- Moltar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na pleananna curaclaim sinsearacha chun na ceithre mhórscoil teanga agus gnéithe difriúla de na cúrsaí a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach.
- B'fhiú don roinn plean gníomhaíochta a dhearadh bunaithe ar na tosaíochtaí atá aitheanta ag an roinn féin agus ar mholtaí na tuairisce seo.

RÉAMHRÁ

Is scoil chomhoideachais é Coláiste Chorainn atá ag feidhmiú faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Is scoil DEIS í agus tá 102 scoláire ag freastal uirthi; tá Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar chuid de churaclam na scoile.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí dea-chleachtais mhúinteoireachta agus fhoghlama in úsáid sna ceachtanna le linn na cigireachta.
- I measc na dteicnící ab fhearr a bhí in úsáid bhí comhtháthú téamach cumasach déanta ar na ceithre mhórscoil teanga chomh maith le gnéithe éagsúla de na siollabais.
- I gceacht amháin, tugadh faoi obair réamhscile an-chuimsitheach; rud a chuir ar chumas na scoláirí teacht ar bhrí na dtéacsanna. Ní dhearnadh amhlaidh don léitheoireacht i gceachtar den dá cheacht. B'fhiú go mór do na múinteoirí níos mó ama a chaitheamh ar an tréimhse réamhchumarsáideach.
- Bhí cothromaíocht mhaith idir obair ranga uile agus obair thascbhunaithe sna ranganna. Rinne na múinteoirí freastal maith ar bhearnaí eolais na bhfoghlaimoirí agus tascanna comhoibríocha á gcomhlíonadh acu. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as an teicníc seo.
- D'éirigh níos fearr leis na tascanna beirte agus tascanna ina ngrúpaí nuair a bhí róil chinnte ag gach ball. Ba chleachtas maith é freisin nuair a socraíodh am don tasc roimh ré agus nuair a tugadh faoi sheisiún aiseolais leis na grúpaí.
- Moltar obair iarscile a dhéanamh leis na foghlaimoirí chomh maith agus taifead scríofa ar na foirmeacha cearta a chur ar fáil sa seisiún faisnéise.
- I gceacht amháin bhí meascán an-mhaith de cheisteanna difreáilte agus tugadh am tuisceana do na scoláirí chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh. Thug an múinteoir aiseolas an-mhaith ar cháilíocht na bhfreagraí a chuir go mór le foghlaim idirdhealaithe na scoláirí. Moltar cleachtadh a dhéanamh ar scileanna ceistiúcháin ionas go mbeadh inniúlacht gach aon mhúinteora á forbairt go leanúnach sa réimse seo.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar mheán teagaisc ag na múinteoirí sna ranganna go léir. Bhí cleachtais mhaithe in úsáid maidir le haird na scoláirí a dhírú ar chruinneas na teanga agus ar straitéisí chun scoláirí a chumasú chun focail nua a bhriseadh ina siollaí.
- Bhain cáilíocht mhaith leis an timpeallacht foghlama ina múintear an Ghaeilge.
- Bhí cumas maith ag na scoláirí ceisteanna an mhúinteora a fhreagairt i nGaeilge. Chun tógáil ar an dea-chleachtas seo, ba cheart méid na teanga a theastaíonn ó na scoláirí chun iad féin a chur in iúl, míthuiscintí a shoiléiriú, agus tuairimí a nochtadh a mhúineadh agus a bheith ar taispeánt ar chairt sa seomra ranga.
- Bhí cumas riartha ranga an-mhaith ag na múinteoirí agus bhí atmaisféar cairdiúil agus tacúil don fhoghlaim le haireachtáil sna ceachtanna.

- Tugtar obair bhaile go rialta ach ba obair scríofa nó obair le cur de ghlanmheabhair ba mhó a bhí mar thasc. Moltar tascanna thar na scileanna go léir a thabhairt mar obair bhaile.
- Bhí cleachtais mhaithe in úsáid sna ceartúcháin mheicniúla agus sna treoracha chun foghlama a bhí déanta i roinnt mhaith de na cóipleabhair a bailíodh go randamach.
- Tuairiscíodh freisin go mbaintear úsáid as an bhféinmheasúnú agus as an bpiarmheasúnú. B'fhiú go mór na critéir mheasúnaithe, do na ceithre scil teanga, a roinnt leis na scoláirí a chuirfeadh le húsáid an fhéincheartúcháin agus a thabharfadh creat don phiarcheartúchán freisin.
- Moltar uimhir na n-uirlisí measúnaithe ar an bhfoghlaim agus chun foghlama atá in úsáid ag an roinn a mhéadú.
- Bhí fianaise sna cóipleabhair agus i sraitheanna áirithe de na dialanna obair bhaile nach i gcónaí a bhíonn an cur chuige comhtháite téamach in úsáid chun an teanga a mhúineadh. Moltar go láidir múineadh na scileanna teanga go neamhspleách ar a chéile a sheachaint sa phleanáil ghearrthéaramach agus fhadtéarmach.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Baineann láidreachtaí suntasacha leis an soláthar agus an tacaíocht atá curtha ar fáil ag an mbainistíocht do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa scoil.
- Tá áiseanna agus acmhainní maithe forbartha ag an roinn. Moltar é a bheith mar thosaíocht ag an roinn athnuachan leanúnach a dhéanamh ar na fearais thacúla seo laistigh de shrianta bhuiséad na scoile.
- Is céimithe le Gaeilge iad na múinteoirí atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil. Tá sé le moladh go nglacann foireann na Gaeilge páirt in oiliúint ghairmiúil leanúnach ag leibhéal éagsúla. Tá sé le moladh leis go bhfuil sé mar aidhm ag an mbainistíocht taithí a sholáthar do na múinteoirí go léir ar mhúineadh ag an dá thimthriall agus ag na leibhéal scrúdaithe difriúla.
- Áirítear fiche trí pointe cúig faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí a bhfuil faomhadh tugtha dóibh maidir le díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94. Tá sé tabhachtach faomhadh na n-iarratas ar dhíolúine ón nGaeilge a athbhreithniú go leanúnach lena chinntiú go bhfuil coinníollacha na himlitreach á gcomhlíonadh go cuí.
- Tá polasaí agus nósanna imeachta measúnaithe maithe in úsáid ag roinn na Gaeilge. Is innmholta an t-aitheantas atá tugtha don scil labhartha sa mheasúnú suimitheach a chuirtear ar na scoláirí i gcaitheamh na scoilbhliana.
- Tá réimse bealaí, córais leictreonacha san áireamh, forbartha ag an scoil chun scoláirí, tuismitheoirí nó caomhnóirí a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil sa Ghaeilge.
- Cuirtear réimse maith de ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim ar fáil chun scileanna agus suim na scoláirí sa Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach a chothú.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Baineann níos mó láidreachtaí ná laigí le cáilíocht na pleanála don Ghaeilge.
- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta sna pleananna curaclaim do na bliainghrúpaí sóisearacha chun an teanga a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach. Moltar na modhanna measúnaithe a shainiú sna pleananna seo freisin. Is gá an cur chuige comhtháite a bheith in úsáid sna pleananna sinsearacha freisin.
- Tá straitéisí litearthachta agus uimhearthachta na roinne don Ghaeilge sonraithe sa phlean Gaeilge. Moltar na straitéisí atá aontaithe don litearthacht mar chuid de phróiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) uile a bheith luaite sa phlean agus a bheith in úsáid ag an roinn chomh maith.
- Moltar plé a dhéanamh ar thosaíochtaí na roinne ag cruinnithe pleanála agus plean gníomhaíochta a dhearadh bunaithe orthu sin agus ar phríomh-mholtaí na tuairisce seo.
- Bhain cáilíocht mhaith leis an bpleanáil ghearrthéarmach a bhí déanta i gceacht amháin agus bhí ullmhúchán maith déanta don dá cheacht. Agus an phleanáil ghearrthéarmach idir lámha, tá sé tábhachtach ord forásach a bheith idir chéimeanna an cheachta sa chaoi is go ndéanann céim amháin atreisiú ar chéim eile ó thaobh foclóra agus ábhair de.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board of Management are satisfied with the many positives outlined in the school inspection report and are confident that any recommendations made in the report can be implemented in the short to medium term.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

The follow up actions since the subject inspection are as follows:-

The “structure of lessons” is currently being addressed by the Principal and all staff during the eleven hours allocated from our Croke Park Hours for “Teaching and Learning”. A four point lesson plan is being introduced in phases and reviewed over the course of the current school year. The main emphasis is on school self evaluation with the focus on self improvement and on transferring and sharing good practice.

An Introductory workshop on Assessment for Learning (Afl) was undertaken in the third term of 2013/2014 and further workshops on “questioning” and “effective feedback” is planned for the current school year.

The Irish teachers are applying a “thematic approach” to the teaching of Irish at both Junior and Leaving Certificate level.

A Subject Improvement plan was submitted by the Irish department which highlights strengths, areas requiring improvement, improvement targets, an action plan, a timeframe and measurable success criteria. The targets relate to improvement of performance in *Cluastuisceint* and oral skills.